2023.S28T

2023J005C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2023

# Tíreolaíocht

## Comhleibhéal

Déardaoin 8 Meitheamh    Tráthnóna 1:30 - 3:30

360 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá **deich** gceist ar an bpáipéar seo.

Freagair gach ceist.

Níl na ceisteanna go léir ar cómharc.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Tá cead agat úsáid a bhaint as peann luaidhe agus as pinn luaidhe dathúcháin faoi choinne sceitsí, graf agus léaráidí amháin.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás fágtha faoi choinne obair bhreise ag deireadh an leabhráin. Cuir lipéad ar aon obair bhreise mar sin a thaispeánfaidh uimhir agus mír na ceiste go soiléir.

Soláthraítear Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus eochair eolais ar leithligh ón bpáipéar seo.


## Ceist 1

**(a)** Scrúdaigh na híomhánna atá thíos agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas**.**















**(i)** Meaitseáil gach ceann de na híomhánna **A**, **B**, **C** agus **D** leis an gcineál fuinnimh sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann í.

| **Cineál Fuinnimh** | **Litir** |
|---|---|
| Gual | |
| Fuinneamh na gréine | |
| Fuinneamh na taoide | |
| Ola | |

**(ii)** Luaigh cad a chiallaíonn an téarma *fuinneamh fínideach*.

**(b)** Baintear úsáid as na gléasanna atá sna híomhánna thíos d’fhonn sonraí aimsire a bhailiú.







**(i)** Cé acu ceann díobh seo a leanas a thomhaistear leis an ngléas atá in íomhá **A**? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Luas na gaoithe ☐ Treo na gaoithe ☐ Fliuchras ☐

**(ii)** Cén t-ainm atá ar an ngléas atá in íomhá **B**?

**(iii)** Scrúdaigh an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a ghabhann leis an bpáipéar seo. Tá cead pleanála tugtha faoi choinne feirm ghaoithe a thógáil ag X 20 89.


Mínigh ar **dhá** chúis a bhfuil an suíomh atá roghnaithe ag X 20 89 oiriúnach faoi choinne fheirm ghaoithe. Bain úsáid as fianaise atá ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis chun tacú le do fhreagra.

Cúis 1:

Cúis 2:

**Ceist 2**

**(a)** Scrúdaigh an fótagraf satailíte thíos ina dtaispeántar cuid de Chuan Dhún Garbhán agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.




**(i)** Cé acu ceann díobh seo a leanas arb é an t-ainm é ar an gcuid sin de bhéal abhann atá taoidmhear agus a bhfuil an lipéad **A** air thuas?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Foinse ☐ Inbhear ☐ Craobh-abhainn ☐

**(ii)** Cad é an t-ainm atá ar chasadh nó coradh in abhainn, a bhfuil an lipéad **B** air thuas?

**(iii)** Tugtar gob gainimh ar an ngné a bhfuil an lipéad **C** uirthi sa bhfótagraf satailíte thuas.
Cad é an t-ainm atá ar an bpróiseas iompair chósta ba chúis leis an gcaoi inar foirmíodh é?

**(b)** **(i)** Ainmnigh abhainn **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

| |
|---|
| |

**(ii)** Liostaigh **dhá** ghné a fhoirmítear mar thoradh ar phróiseas sil-leagan abhann.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |


**(iii)** Mínigh ar an dóigh a bhfoirmíonn próiseas an tsil-leagain abhann ceann **amháin** de na gnéithe bhfuil staidéar déanta agat uirthi. Bain úsáid as léaráid(í) lipéadaithe i do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| Spás i gcomhair léaráide |

**(c)** Bain úsáid as léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus as an eochair eolais a ghabhann leis an bpáipéar seo chun na ceisteanna a leanas a fhreagairt.

**(i)** Comhlánaigh an tsracléarscáil de limistéar Dhún Garbhán agus na nithe seo a leanas á dtaispeáint agus á lipéadú uirthi:

- Abhainn Choilligeáin (*Colligan River*)
- **Dhá** láthair stairiúla difriúla
- An bóthar N72
- Limistéar lonnaíochta líní feadh bhóthar an N72.




 = Líne an chósta

**(ii)** Mínigh ar **dhá** chúis gur fhás baile Dhún Garbhán ag an suíomh seo. Bain úsáid as fianaise ón léarscáil mar thaca le gach cúis.

| Cúis 1: |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| Cúis 2: |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3**

**(a)** Scrúdaigh na pirimidí daonra thíos agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.




Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis a leanas.

**(i)** Tá céatadán na bhfireannach atá sa chatagóir aoise 0-4 i **dTír A** cothrom le 4%.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**(ii)** Tá ráta breithe ard i **dTír B**.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**(iii)** Tá an céatadán is ísle de dhaoine san aoisghrúpa 85+ i **dTír A**.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**(iv)** Léiríonn an fhianaise sa phirimid daonra seo gur tír fhorbartha í **Tír B**.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**(v)** Mínigh slí **amháin** ina bhfuil saol daoine óga i dtíortha forbartha difriúil leis an saol a bhíonn ag daoine óga i dtíortha atá i mbéal forbartha.

**(b)** Léigh an t-alt thíos agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.



Ó 2007 i leith sheol Rialtas na hÉireann cúnamh chuig Malawi. Tá sé seo tar éis cuidiú le mná i Malawi barr phráta milis de chineál nua a thabhairt isteach agus cuidíonn sé seo leis an mbochtaineacht bhia a laghdú. Barr scamhardach atá saibhir i Vitimín A é an barr seo, rud atá tábhachtach mar ní fhaigheann 73% de pháistí Malawi dóthain Vitimín A.

Cuireadh oideachas ar na mná faoin mbealach is fearr chun an barr seo a fhás agus a bhainistiú. Freisin, d'fhoghlaim siad conas na prátaí milse a phróiseáil chun cácaí, sú, beoir mhilis, friochtóga agus taoschnónna, ar féidir leo iad a dhíol, a dhéanamh.

**(i)** Cén céatadán de na páistí i Malawi nach bhfaigheann dóthain Vitimín A ina réim bia?

**(ii)** Ainmnigh **dhá** tháirge a dhéantar as prátaí milse agus atá luaite san alt.

1.

2.

**(iii)** Cén cineál cúnaimh de na cineálacha cúnaimh seo a leanas atá luaite san alt?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Cúnamh déthaobhach ☐

Eagraíocht Neamhrialtasach (NGO) ☐

Cúnamh éigeandála ☐

**(iv)** Cé acu fás daonra nó titim daonra a bheidh mar thoradh ar an gcúnamh a thabharfar i gcás tíortha atá i mbéal forbartha?

Cuir tic (✓) sa bhosca le hais do fhreagra roghnaithe agus tabhair míniú air sa spás atá curtha ar fáil thíos.

Fás daonra ☐


Titim daonra ☐

**Ceist 4**

**(a)** Scrúdaigh an tábla thíos ina dtaispeántar an t-athrú atá tagtha ar dhaonra Chontae Bhaile Átha Cliath idir 1956 agus 2016 agus freagair na ceisteanna a leanas.

**Daonra Chontae Bhaile Átha Cliath i mBlianta Roghnaithe**

| **Bliain** | **1956** | **1966** | **1976** | **1986** | **1996** | **2006** | **2016** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Daonra (ina mílte)** | 700 | 800 | 920 | 1,000 | 1,100 | 1,200 | 1,340 |




**(i)** Comhlánaigh an graf **thuas** agus úsáid á baint agat as an eolas atá sa tábla faoi choinne na mblianta 1966, 1996 agus 2006.

**(ii)** Cén daonra (ina mílte) a bhí i gContae Bhaile Átha Cliath i 1956?

**(iii)** Cén bhliain ina raibh daonra (ina mílte) de 1,100 i gContae Bhaile Átha Cliath?

**(iv)** Ríomh an difríocht a bhí sa daonra (ina mílte) i gContae Bhaile Átha Cliath idir 1956 agus 2016.

| Obair gharbh roghnach |
|---|
| Freagra: |

**(b)** **(i)** Ainmnigh baile mór **amháin** nó cathair **amháin** in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat air nó uirthí.

**(ii)**





Mínigh fadhb **amháin** a bhaineann leis an mbaile mór nó leis an gcathair a bhfuil staidéar déanta agat air nó uirthí.

**Ceist 5**

**(a)** Scrúdaigh an ceannlíne agus an t-aerfótagraf thíos ina dtagraítear do dhúnadh na bportach agus na móinstáisiún cumhachta agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

Deireadh ré, in Éirinn dúntar na portaigh 'd'fhonn an t-athrú aeráide a throid'



**(i)** Cén pháirt, de na páirteanna seo a leanas den fhótagraf, ina bhféadtar limistéar portaigh a fheiceáil?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

- An tulra ar chlé ☐
- An cúlra ar chlé ☐
- An talamh láir ar dheis ☐

**(ii)** Is sampla é baint na móna i bportach de chineál gníomhaíochta geilleagraí. Cén cineál?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

- Príomhúil ☐
- Tánaisteach ☐
- Treasach ☐

**(iii)** Déan cur síos ar thoisc **amháin** a raibh tionchar aige ar shuíomh an mhóinstáisiúin chumhachta a thaispeántar sa ghrianghraf ar an leathanach roimhe seo.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)**



**(i)** Bain úsáid as na téarmaí sa bhosca chun an paragraf thíos a chríochnú.

| | |
|---|---|
| Breoslaí iontaise | Dífhoraoisiú |
| Athrú aeráide | Dé-ocsaíd charbóin |


Tá meán-teocht an domhain ag ardú mar gheall ar mhéadú na ngás ceaptha teasa san atmaisféar. Is é an toradh atá air seo ná ___________________________. Nuair a dhóitear __________________________________ in ár dtithe agus inár monarchana agus nuair a thaistealaítear i gcarranna agus in eitleáin cuirtear gáis ar nós __________________________________, isteach san atmaisféar. Tá baint na gcrann ar a dtugtar __________________________________, ag cur leis an bhfadhb chomh maith.

**(ii)** Mínigh ar **dhá** iarmhairt atá ag an athrú aeráide.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 6**

**(a)** Scrúdaigh an léarscáil thíos ina dtaispeántar an domhan, é roinnte idir tíortha ina bhfuil an geilleagar forbartha agus tíortha ina bhfuil an geilleagar i mbéal forbartha, agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.



**(i)** Go coitianta tugtar an Domhan Thuaidh ar an limistéar gorm.
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**(ii)** Sa limistéar atá scáthaithe dearg is ann atá na tíortha forbartha.
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**(iii)** Is sampla de thír ina bhfuil an geilleagar forbartha é Éire.
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**(iv)** Ar cheann de na cúiseanna go mealltar cuideachtaí ilnáisiúnta (CINanna) chun monarchana a thógáil sna tíortha a bhfuil dath dearg orthu ná leibhéal íseal na gcostas pá.
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**(b)** Tá cuideachta mhór ilnáisiúnta ag pleanáil ollmhargadh a thógáil ar imeall bhaile mhóir in Éirinn.

**(i)** Sa tábla thíos liostaítear iarmhairtí féideartha an phlean seo. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart faoi choinne gach ráitis chun a chur in iúl cé acu iarmhairt dhearfach nó iarmhairt dhiúltach é gach ceann acu.

| Iarmhairtí | Dearfach | Diúltach |
|---|---|---|
| Mar gheall ar an ollmhargadh atá beartaithe, cuirfear poist ar fáil do dhaoine sa limistéar mórthimpeall. | | |
| Ní bheidh siopaí logánta atá faoi úinéireacht theaghlaigh in ann dul in iomaíocht leis an ollmhargadh agus b'fhéidir go mbeidh orthu dúnadh síos. | | |
| D'fhéadfadh ollmhargadh nua margadh nua a sholáthar do tháirgeoirí bia logánta. | | |
| Íocfaidh na daoine a bheidh fostaithe san ollmhargadh nua cáin agus bainfear úsáid as an airgead seo faoi choinne seirbhísí riachtanacha ar nós ospidéil agus scoileanna. | | |
| Ní thaistealóidh daoine go dtí na siopaí i lár an bhaile agus caillfear gnó mar gheall air sin. | | |

**(ii)** Cé acu tosca brú nó tosca tarraingthe iad deiseanna oibre? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Tosca brú ☐ Tosca tarraingthe ☐


**(c)** Nuair a bhogann daoine chun dul a chónaí in áit nua is féidir leis sin iarmhairt a bheith aige ar an áit a fhágann siad agus ar an áit a mbogann siad isteach ann.

Mínigh iarmhairt **amháin** a bhaineann leis an imirce.

**Ceist 7**

**(a)** Scrúdaigh an léaráid a léiríonn sraitheanna difriúla an domhain.

Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an téarma sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann é.




| Téarma | Litir |
|---|---|
| Croí istigh | |
| Screamh | |
| Croí amuigh | |
| Maintlín | |

**(b)** **(i)** Cé acu ceann de na téarmaí a leanas a chuireann síos ar bholcán nár bhrúcht le tamall fada ach a d'fhéadfadh brúchtadh arís?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Bolcán beo ☐
Bolcán suanach ☐
Bolcán marbh ☐

**(ii)** Agus úsáid á baint agat as na téarmaí atá sa bhosca thíos, tabhair míniú ar an dóigh a bhfoirmítear bolcán. Bain úsáid as léaráid(í) lipéadaithe chun tacú le do fhreagra.

| | | |
|---|---|---|
| Craos | Seomra Magma | Cráitéar |
| Sraitheanna luaithreamháin agus carraigeacha | | Laibhe |


Spás i gcomhair léaráide

**(iii)** Agus úsáid á baint agat as sampla a bhfuil staidéar déanta agat air, déan plé ar iarmhairt **amháin** a bhaineann le gníomhaíocht bholcánach.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 8**

**(a)** Déan staidéar ar an bpíchairt thíos ar a dtaispeántar comhdhéanamh ithreach agus freagair na ceisteanna a leanas.




**(i)** Cén comhábhar de chuid na hithreach a bhfuil an céatadán is airde aige?

| |
|---|
| |


**(ii)** Ríomh **X**, an céatadán de húmas a fhaightear san ithir.

| Obair gharbh roghnach |
|---|
| Freagra: |


**(iii)** Mínigh an dóigh a mbíonn iarmhairt ag fásra (plandaí) ar an ithir.

**(b)** Déan staidéar ar na fánaí a thaispeántar ar an dá shliocht as léarscáil atá thíos agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

**Suíomh A**




**Suíomh B**




**(i)** Cén suíomh ar dóichí go dtarlóidh sampla d'ollghluaiseacht den chineál tapa ann?

**Suíomh A** ☐ **Suíomh B** ☐

**(ii)** Luaigh go hachomair **dhá** chúis le do fhreagra.

1.

2.

**(c)** Glacadh na fótagraif thíos i ndiaidh bhrúchtadh portaigh i gContae Liatroma in 2020 nuair a ghluais tonnaí de mhóin leathbháite síos le fána. Cuireadh isteach go mór ar ghníomhachtaí geilleagracha príomhúla sa cheantar.





**(i)** Ainmnigh **dhá** chineál de ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil atá le feiceáil sna fótagraif thuas.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(ii)** Déan cur síos ar iarmhairt **amháin** a bhí ag an mbrúchtadh portaigh ar an tírdhreach a thaispeántar sna fótagraif.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 9**

**(a)** **(i)** Cuir isteach sa tábla an chatagóir cheart charraige ón liosta thíos faoi choinne gach cineál carraige.

- Bruthcharraig
- Carraig dhríodair
- Carraig mheiteamorfach.

| Cineál carraige | Catagóir |
|---|---|
| Aolchloch | |
| Marmar | |
| Basalt | |

**(ii)** Ainmnigh suíomh in Éirinn ina bhféadfaí gach cineál carraige a ainmnítear thíos a fháil.

| Cineál carraige | Suíomh in Éirinn |
|---|---|
| Aolchloch | |
| Marmar | |
| Basalt | |

**(b)** Is féidir carraigeacha a shaothrú i slite difriúla agus is féidir leis an saothrú seo iarmhairtí éagsúla a bheith aige.






**(i)** Ainmnigh suíomh **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air ina ndéantar carraigeacha a shaothrú **agus** luaigh an dóigh a bhfuil carraigeacha á saothrú ag an suíomh seo.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Mínigh iarmhairt eacnamaíochta **amháin agus** iarmhairt chomhshaoil **amháin** a bhaineann le saothrú carraigeacha.

| |
|---|
| Iarmhairt eacnamaíochta: |
| |
| |
| |
| |
| |
| Iarmhairt chomhshaoil: |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Déan staidéar ar an léaráid thíos ina dtaispeántar roinnt de na gnéithe a fhaightear i dtírdhreach aolchloiche agus freagair gach ceann na ceisteanna a leanas.




**(i)** Ainmnigh gach ceann de na gnéithe a bhfuil na lipéid **A**, **B** agus **C** orthu.

| |
|---|
| **A.** |
| **B.** |
| **C.** |

**(ii)** Ainmnigh **dhá** ghné den dromchla is féidir a fháil i dtírdhreacha carstacha.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(iii)** Is próiseas amháin é an carbónú a bhíonn ina chúis le forbairt an tírdhreacha charstaigh. Cén cineál síonchaithimh é an carbónú?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Ceimiceach ☐
Meicniúil ☐

**(iv)** Mínigh ar an dóigh a ndéanann an carbónú síonchaitheamh ar dhromchla charraig aolchloiche.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 10**

**(a)** Tá baint ag gach ceann de na ceisteanna thíos leis an turasóireacht sa limistéar sin de Dhún Garbhán a thaispeántar ar an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo. Bain úsáid as an léarscáil agus as an eochair eolais chun gach ceann de na ceisteanna a leanas a fhreagairt.

**(i)** Ainmnigh **dhá** rotharbhealach i limistéar Dhún Garbhán.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(ii)** Ainmnigh **agus** tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr do rud **amháin** eile is díol spéise do thurasóirí sa limistéar a thaispeántar ar an léarscáil, agus nach luaitear i gcuid **(i)**.

| |
|---|
| Rud is díol spéise do thurasóirí: |
| Tagairt eangaí sé fhigiúr: |

**(iii)** Mínigh ar an bhfáth go meallfadh an rud is díol spéise, a d'ainmnigh tú i gcuid **(ii)**, turasóirí go dtí an limistéar sin.

**(b)** Léigh an t-alt thíos faoin fhoraoiseacht i Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

## Athrófar ar Bhealach Dearfach na Foraoisí do na Glúine atá le Teacht De Bharr Crot Maisiúil A Bheith Á Chur ar Shléibhte Bhaile Átha Cliath

Fógraíodh tionscadal fadtréimhseach ina mbeidh naoi bhforaois i Sléibhte Bhaile Átha Cliath ina bhforaoiseacha fóillíochta seachas a bheith ina bhforaoiseacha tráchtála.



Meastar go dtugann 600,000 duine cuairt ar na páirceanna foraoise i Sléibhte Bhaile Átha Cliath gach bliain. Tá na foraoisí seo ar chuid de na limistéir fóillíochta is tábhachtaí do dhaonra uirbeach atá ag fás.

**(i)** Cé mhéad foraois a bheidh i gceist sa tionscadal?

**(ii)** Cé mhéad duine a mheastar a thugann cuairt ar na páirceanna foraoise i Sléibhte Bhaile Átha Cliath gach bliain?

**(iii)** Mínigh ar bhealach **amháin** a bhféadfadh turasóirí iarmhairt dhiúltach a bheith acu ar na ceantair a dtugann siad cuairt orthu.

Spás breise faoi choinne freagraí.
Cuir lipéad ar gach giota oibre a thaispeánfaidh uimhir agus mír na ceiste/na gceisteanna go soiléir.

Spás breise faoi choinne freagraí.
Cuir lipéad ar gach giota oibre a thaispeánfaidh uimhir agus mír na ceiste/na gceisteanna go soiléir.

## Admhálacha


**Íomhánna**

Íomhanna ar leathanach 3: https://oilprice.com/Latest-Energy-News/World-News/UK-Centrica-To-Exit-Oil-And-Gas-Production.html (Rinneadh rochtain air: Meitheamh 2020); https://www.ifac.ie/news/solar-energy-farmers-to-benefit-from-finance-act-changes/ (Rinneadh rochtain air: Meitheamh 2020); https://www.powergenadvancement.com/news/tidal-energy-project-approved-for-english-channel-regions/ (Rinneadh rochtain air: Meitheamh 2020); https://www.ft.com/content/1ce6db64-ce52-40b7-825b-7e42a82f2d8c (Rinneadh rochtain air: Feabhra 2021)

Íomhánna ar leathanach 4 https://gardenerspath.com/ (Rinneadh rochtain air: Lúnasa 2021); https://www.arklayrichardswind.com (Rinneadh rochtain air: Lúnasa 2021); https://www.forging-ahead.co.uk (Rinneadh rochtain air: Lúnasa 2021)

Íomhá ar leathanach 5: www.googleearth.com (Rinneadh rochtain air:  Deireadh Fómhair 2020)

Íomhanna ar leathanach 9: www.populationpyramid.net (Rinneadh rochtain air: Lúnasa 2020)

Íomhá ar leathanach 10: www.irishaid.ie (Rinneadh rochtain air: Samhain 2020)

Íomhá ar leathanach 12: Sonraí ón An PhríomhOifig Staidrimh (Rinneadh rochtain air: Samhain 2020)

Íomhánna ar leathanach 13: https://news.sky.com/story/congestion-costs-uk-economy-8bn-in-2018-an-average-of-1-300-per-driver-11635271 (Rinneadh rochtain air: Samhain 2020); https://www.healthaffairs.org/do/10.1377/hblog20200130.710866/full/ (Rinneadh rochtain air: Samhain 2020)

Íomhá ar leathanach 14: https://www.irishtimes.com/business/energy-and-resources/bye-bye-troika-hello-financial-engineering-1.1884039 (Rinneadh rochtain air: Deireadh Fómhair 2020)

Íomhá ar leathanach 15 https://climate.nasa.gov/effects/ (Rinneadh rochtain air: Deireadh Fómhair 2020)

Íomhá ar leathanach 17:  www.wikipedia.org (Rinneadh rochtain air: Deireadh Fómhair 2020)

Íomhá ar leathanach 19: https://www.nationalgeographic.org/media/earths-interior (Rinneadh rochtain air: Feabhra 2021)

Íomhá ar leathanach 21: Sonraí ón https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/B9780128092705000145 (Rinneadh rochtain air: Deireadh Fómhair 2020)

Íomhá ar leathanach 22: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html (Rinneadh rochtain air: Eanáir 2020)

Íomhá ar leathanach 23: www.twitter.com (Rinneadh rochtain air: Deireadh Fómhair 2020)

Íomhánna ar leathanach 24: www.asthecrowflies.com (Rinneadh rochtain air: Deireadh Fómhair 2020); https://brasilminingsite.com.br/dalian-iron-ore-surged-7-after-vale-shut-some-mines-in-brazil/ (Rinneadh rochtain air: Deireadh Fómhair 2020)

Íomhá ar leathanach 25: Coimisiún na Scrúduithe Stáit (Rinneadh rochtain air: Deireadh Fómhair 2020)

Íomhá ar leathanach 28: http://trailrunningireland.com/wp-content/uploads/2017/04/wicklowway5.jpg (Rinneadh rochtain air: Samhain 2020)

**Téacsanna**

Alt ar leathanach 10: www.irishaid.ie (Rinneadh rochtain air: Samhain 2020)

Ceannlíne ar leathanach 14: https://www.theguardian.com/world/2018/nov/27/ireland-closes-peat-bogs-climate-change (Rinneadh rochtain air: Deireadh Fómhair 2020)

Alt ar leathanach 28: https://www.coillte.ie/coillte-dublin-mountains-makeover-to-transform-forests/ (Rinneadh rochtain air: Samhain 2020)


Tharlódh gur cuireadh ábhar in oiriúint, d’fhonn measúnú, gan cead a bheith faighte ón údar roimh ré.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Tíreolaíocht

Déardaoin 8 Meitheamh

Tráthnóna 1:30 - 3:30